

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1699 ÓN gCOIMISIÚN**an 6 Meán Fómhair 2023****maidir leis an stádas atá ag atapuilsít mar bhreiseán beathaithe faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir leis an tsubstaint atapuilsít, tá éiginnteacht ann cibé an breiseán beathaithe í a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 nó nach ea. D'fhéadfadh sé go bhfuil an éiginnteacht ag teacht freisin ó cheisteanna nó ó amhras arna gcur in iúl ag údaráis náisiúnta inniúla atá freagrach as rialuithe oifigiúla nó ag oibreoirí eacnamaíocha maidir le haicmiú na substainte sin, substaint atá san áireamh faoi láthair i gCatalóg na n-ábhar beatha a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (2) An éiginnteacht sin maidir leis an stádas atá ag táirge i ndáil le breiseáin bheathaithe, d'fhéadfadh margaíocht na dtáirgí beatha ar fud an Aontais a bheith i mbaol mar gheall uirthi, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag an idirdhealú idir breiseáin bheathaithe agus táirgí beatha nach iad i leith na gcoinníollacha faoina gcuirtear ar an margadh iad, faoin reachtaíocht ábhartha is infheidhme.
- (3) Ar mhaithe leis an éiginnteacht a mhaolú i leith an stádais atá ag atapuilsít mar bhreiseáin bheathaithe, is iomchuí beart ábhartha a ghlacadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 chun an stádas sin a chinneadh. Bheadh comhsheasmhacht ann i leith láimhseáil na substainte lena mbaineann de bharr an bhirt sin, maidir le hobair na n-údaráis inniúil náisiúnta atá freagrach as rialuithe oifigiúla, b'fhusaide an obair sin an bhirt sin, agus chabhródh an beart sin leis na hoibreoirí eacnamaíocha leasmhara gníomhú i gcreat lena ndéanfaí foráil maidir le leibhéal iomchuí deimhneachta dlíthiúla.
- (4) Ionas gur féidir a chinneadh an breiseán beathaithe é táirge faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, is iomchuí na treoirlínte maidir le hidirdhealú idir breiseáin bheatha, ábhair bheatha agus táirgí eile a cheadú, treoirlínte a bunaíodh le Moladh 2011/25/AE ón gCoimisiún ⁽³⁾. Go sonrach, déantar foráil sna treoirlínte sin maidir le roinnt critéar atá le meas go comhuaineach i meastóireacht cás ar chás chun próifíl a chruthú le haghaidh gach táirge sonrach, agus na saintréithe uile a bhaineann leis san áireamh. I measc na gcritéar chun idirdhealú a dhéanamh idir breiseáin bheathaithe agus ábhair bheatha, cuimsítear an modh táirgthe agus próiseála, an sainmhíniú ceimiceach, an leibhéal caighdeánaithe nó íonaithe, na coinníollacha sábháilteachta, an modh úsáide, agus feidhmiúlacht an táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht, is de réir analaí ba cheart táirgí a bhfuil airíonna comhchosúla acu a aicmiú.
- (5) Is éard ba chonclúid do scrúdú a rinneadh ar na critéir i Moladh 2011/25/AE gur cheart a mheas gur breiseáin bheathaithe í atapuilsít faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Úsáidtear atapuilsít go bunúsach chun feidhmeanna teicneolaíocha a dhéanamh i mbeatha, amhail ceangal, frithstolpadh nó laghdú ar éilliú beatha ag míceatocsainí, nó fiú chun feidhmeanna zóiteicniúla a dhéanamh trí dhul i bhfeidhm ar fhlóra gastristéigeach ainmhithe nó ar dhíleáiteacht beatha, ar feidhmeanna iad atá tipiciúil d'feidhmiúlacht breiseán beathaithe. Ina theannta sin, tá saintréithe agus airíonna atapuilsíte comhchosúil le saintréithe agus airíonna mianraí cré eile a mheastar gur breiseáin bheathaithe iad. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí atapuilsít a aicmiú de réir analaí mar bhreiseán beathaithe, bheadh comhsheasmhacht ann maidir le cóireáil na dtáirgí comhchosúla sin.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2013 maidir leis an gCatalóg d'ábhair bheatha (IO L 29, 30.1.2013, lch. 1).⁽³⁾ Moladh 2011/25/AE ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 lena mbunaítear treoirlínte maidir le hidirdhealú idir ábhair bheatha, breiseáin bheathaithe, táirgí bithicéada agus táirgí íocshláinte tréidliachta (IO L 11, 15.1.2011, lch. 75).

- (6) Mar gheall go bhfuil atapuilsít aicmithe mar bhreiseán beathaithe faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse a cheadódh do pháirtithe leasmhara iad féin a oiriúnú do stádas na substainte sin, lena n-áirítear chun críoch iarratas ar údarú mar bhreiseán beathaithe a chur isteach, agus tuilleadh próiseála a dhéanamh ar an iarratas sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is breiseán beathaithe í atapuilsít faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

Airteagal 2

An tsubstaint dá dtagraítear in Airteagal 1, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le hábhair bheatha go dtí an 27 Meán Fómhair 2030.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN